**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hAnailís ar ról na sochaí sibhialta eagraithe sa chomhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), lena n-áirítear staid na gcomhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche (CCEnna) sa chreat seo**

**(tuairim féintionscnaimh)**

(2022/C 443/04)

Rapóirtéir: **Carlos TRINDADE**

| | |
|---|---|
| Cinneadh ón Tionól Iomlánach | 21.10.2021 |
| Bunús Dlí | Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta |
| | Tuairim féintionscnaimh |
| Rannóg atá freagrach | Caidreamh Seachtrach |
| Dáta a glactha sa rannóg | 9.6.2022 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 13.7.2022 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 571 |
| Toradh na vótála | |
| (ar son/in aghaidh/staonadh) | 170/0/1 |

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tugann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) dá aire go bhfuil creat luachanna agus cuspóirí bunaithe ag an Aontas Eorpach le fada an lá lena rialaítear a chaidreamh leis na Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC), ar creat é atá dírithe go sonrach ar na nithe seo a leanas: an daonlathas, an dea-rialachas, cearta an duine, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus obair chuibhiúil, an tsoghluaisteacht agus an imirce a chur chun deise, forbairt dhaonna, an comhshaol agus toilteanas cur le chéile ar an leibhéal domhanda i gcás réimsí comhleasa. I bhfianaise an chaidrimh le tríú tíortha comharsanachta, is gá an tslándáil a chur le liosta na gcuspóirí sin.

1.2. Tacaíonn CESE leis an gcreat luachanna agus cuspóirí sin, atá leagtha amach i raon comhaontuithe idirnáisiúnta le Stáit ACC ó 1960 i leith agus faoinar chuir an tAontas Eorpach a chaidreamh maidir le trádáil agus comhar um fhorbairt i gcrích.

1.3. Ar an mórgóir, tá CESE i bhfách leis an gComhaontú nua agus tá súil aige go bhféadfaidh na páirtithe é a shíniú gan mhoill; molann sé na hiarrachtaí móra atá déanta ag na páirtithe uile maille leis na gealltanais nach beag atá tugtha acu, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe á n-úsáid mar chreat tagartha.

1.4. Thar aon ní eile, tá CESE á mholadh go láidir don Choimisiún gur cheart machnamh domhain a dhéanamh ar struchtúr an chomhair um fhorbairt atá ina bhonn faoin gComhaontú nua agus faoi na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCEnna) chomh maith le cinntí nua a dhéanamh ina leith, á chur san áireamh an taithí a fuarthas ó COVID-19 (rud a mhúsclaíonn saincheist an bhonneagair chriticiúil sláinte) agus iarmhairtí geopholaitiúla an chogaidh san Úcráin (lena n-áirítear slándáil an tsoláthair bia, praghsanna fuinnimh agus bagairtí don daonlathas). Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil gá le freagairtí níos casta agus níos práinní i Stáit ACC mar thoradh ar an dá mhórimeacht dhomhanda sin, atá tar éis athrú ó bhonn a chur ar an tírdhreach domhanda, agus gur gá cineál comhair idirnáisiúnta a chothú atá an-difriúil leis an gcineál comhair atá ann faoi láthair.

1.5. Is cúis áthais do CESE go n-aithnítear sa Chomhaontú nua tábhacht an róil atá ag na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus ag na comhpháirtithe sóisialta, agus tréaslaíonn sé leis na páirtithe sínitheacha gur dhearbhaigh siad tábhacht an róil sin.

1.6. Is díol mór sásaimh do CESE go ndéantar tagairt (cé go ndifríonn an fhoclaíocht ó áit go chéile) arís agus arís eile sa Chomhaontú nua, cibé acu sa bhunsraith choiteann nó i ngach ceann de na prótacail réigiúnacha é, don tábhacht a bhaineann le sásraí institiúideacha um rannpháirtíocht, faisnéis, éisteacht agus comhairliúchán struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta (sásraí institiúideacha) a bheith ann.

1.7. Cuireann CESE in iúl go bhfuil a sásraí institiúideacha féin ag na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta, lena gcuireann siad barúlacha, moltaí agus cáineadh dá gcuid in iúl go foirmiúil. Is den ríthábhacht sásraí institiúideacha a bheith ann atá á rialú ag an dlí agus ag feidhmiú ar bhealach foirmiúil, ina mbíonn na heagraíochtaí sochaí sibhialta (a chleachtann an t-idirphlé sibhialta) agus na comhpháirtithe sóisialta (a ghlacann páirt san idirphlé sibhialta) rannpháirteach, beag beann ar an ainm a thugtar orthu (coistí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúir, comhairlí comhairliúcháin, fóraim, ardáin, líonraí d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, buanchomhdhálacha nó aon ainm eile), d'fhonn cur leis an díospóireacht phoiblí agus dhaonlathach. Ach na sásraí institiúideacha sin a chur ar bhonn foirmiúil, is mó an teacht aniar a bheidh sa tsochaí óir cuireann an próiseas sin go mór leis an tsaoránacht agus spreagadh is ea é don saol daonlathach.

1.8. Tugann CESE dá aire gur mór idir staid na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sásraí institiúideacha san Aontas agus a staid i stáit ACC, mar gheall ar dhifríochtaí eacnamaíocha, sóisialta, cultúir agus polaitiúla ó réigiún, foréigiún agus tír go chéile. I Stáit ACC, ní féidir a shéanadh gur saintréith dá gcuid gníomhaíochtaí í an neamhfhoirmiúlacht, rud is gá a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta agus i gcur chun feidhme agus i bhfeidhmiú na sásraí institiúideacha. Mura ndéanfar amhlaidh, ní bhainfidh an pobal i gcoitinne tairbhe as torthaí an Chomhaontaithe nua. Tá CESE den tuairim go bhfuil géarghá le réitigh a aimsiú lenar féidir na deacrachtaí atá ann cheana a shárú, go háirithe deacrachtaí a bhaineann le cumas teicniúil agus tacaíocht airgeadais do na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta. Creideann CESE go bhfuil stór dea-chleachtas in úsáid san Aontas Eorpach agus i dtíortha ESACC ba cheart a shainaithint agus a chur i gcúrsaíocht i dtíortha eile. Sampla amháin de sin is ea Coiste Leantach AE-ACC agus is acmhainn dó an cúram sin a chur i gcrích.

1.9. Maidir lena rannpháirtíocht sa phróiseas sin, tá sé mar aidhm ag CESE na sásraí institiúideacha atá beartaithe a chur chun feidhme, tacú leis na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus leis na comhpháirtithe sóisialta i dtíortha ACC, agus iad a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin aitheantas a thabhairt don ról atá acu mar chinn feadhna ar an bhforbairt inbhuanaithe, go háirithe i bhfianaise SDG uimhir 17 de chuid na Náisiún Aontaithe.

1.10. Molann CESE don Choimisiún é a leagan amach mar chuspóir dó féin, i gcomhréir le struchtúr an Chomhaontaithe nua, ceithre shásra institiúideacha a bhunú, mar atá: an chéad cheann, idir an tAontas Eorpach agus ESACC, bunaithe ar an mbunsraith choiteann; an dara ceann, idir an tAontas Eorpach agus an Afraic, bunaithe ar Phrótacal Réigiúnach AE-na hAfraice; an tríú ceann, idir an tAontas Eorpach agus Muir Chairib, bunaithe ar Phrótacal Réigiúnach AE-Mhuir Chairib agus, an ceathrú ceann, idir an tAontas Eorpach agus an tAigéan Ciúin, bunaithe ar Phrótacal Réigiúnach AE-an Aigéin Chiúin.

1.11. Molann CESE don Choimisiún freisin go mbunófaí coistí comhairleacha faoi chuimsiú na CCEnna. Dearbhaíonn CESE nach féidir ról na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta / na gcomhpháirtithe sóisialta sna CCEnna a shárú agus gur cheart é a threisiú. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE leis na moltaí a rinneadh i dtuairim REX/536, ar moltaí iad ba cheart a chur chun feidhme sna CCEnna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus measann sé gur sárshampla den rud is dea-chleachtas ann é Coiste Comhairleach Cariforum, ar sampla é ba cheart a scaipeadh agus a mhacasamhlú.

1.12. Molann CESE go mór don Choimisiún gur cheart na sásraí institiúideacha éagsúla a bheidh le cur i bhfeidhm faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus ESACC (bunsraith choiteann + prótacail réigiúnacha + CCEnna) a eagrú i gceart amach anseo d'fhonn sineirgí a chruthú agus acmhainní a bharrfheabhsú, go háirithe acmhainní airgeadais. Beifear in ann a aithint, a bhuí leis na sásraí institiúideacha, má dhíríonn siad ar a misean go dlúth docht, má fheidhmíonn siad mar líonra agus má oibríonn siad le chéile mar chóras aonair struchtúrtha, a thábhachtaí atá siad d'athléimneacht na sochaithe, don fhás eacnamaíoch agus d'fholláine daoine.

1.13. Tá CESE á mholadh go láidir gur cheart don Choimisiún ionstraimí airgeadais a chur ar bun chun tacú le cláir agus le tionscadail staidéir agus fadbhreathnaitheachta a dhíríonn ar staid na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta i dtíortha ACC, á chur san áireamh a riachtanais maidir le ceannairí a chumhachtú, a stóinseacht theicniúil agus cur chun feidhme na sásraí institiúideacha atá beartaithe. Cuireann CESE i bhfios go láidir gurb é an aidhm atá ann rannchuidiú ar an mbealach sin le heagraíochtaí sochaí sibhialta daonlathacha nó comhpháirtithe sóisialta daonlathacha a neartú faoin gComhaontú nua, a bhuí sin le gníomhaíocht inniúil agus rannpháirtíocht ghníomhach óna gcomhaltaí.

1.14. Tá CESE ag tathant go mór ar an gCoimisiún tacú leis an obair a dhéanann Coiste Leantach AE-ACC in CESE, arb é an t-aon sásra institiúideach é atá i réim faoi láthair faoi Chomhaontú nua AE-ESACC agus a mbeidh ról treisithe aige sa phróiseas sin, go háirithe a bhuí leis an idirphlé struchtúrtha, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) tuarascálacha, tionscadail agus tuairimí iomchuí a sholáthar do na hinstitiúidí; (ii) rannpháirtíocht geallsealbhóirí ó stáit ACC a spreagadh (iii) rannchuidiú le bunú na sásraí institiúideacha atá beartaithe.

## 2. **Barúlacha ginearálta maidir leis an gcomhthéacs stairiúil agus cuspóirí straitéiseacha**

2.1. In 2016, d'fhormheas an tAontas tacar de thosaíochtaí comhleasa sa chomhpháirtíocht athnuaite le tíortha Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), a athdhearbhaíodh i ndoiciméid ina dhiaidh sin agus atá dírithe go sonrach ar na nithe seo a leanas: an daonlathas, an dea-rialachas, cearta an duine, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus obair chuibhiúil, an tsoghluaisteacht agus an imirce a chur chun deise, forbairt dhaonna, an comhshaol agus toilteanas cur le chéile ar an leibhéal domhanda i gcás réimsí comhleasa ([1]). Féadtar saincheisteanna slándála a chur leis an liosta sin, d'fhonn caidreamh na dtíortha sin leis na comharsana is gaire dóibh a chur san áireamh. Leis an gcatagóiriú seo comhdhlúthaítear seanchuspóirí an Aontais Eorpaigh sa réimse sin.

2.2. Tá na cuspóirí sin curtha ar bhonn foirmiúil ag an Aontas trí chomhaontuithe idirnáisiúnta: ar an gcéad dul síos, trí Choinbhinsiún Yaoundé, ina dhiaidh sin trí Choinbhinsiún Lomé agus Comhaontú Cotonou, agus anois tríd an gcaibidlíocht ar Chomhaontú iar-Cotonou. San am céanna, tá CCEnna tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach le roinnt stát ACC nó le grúpaí díobh.

2.3. Is iad na CCEnna an ionstraim gheilleagrach is ginearálta dá bhfuil ann chun an straitéis sin a chur i bhfeidhm. Is é is cuspóir leo Stáit ACC a lánpháirtiú go réidh agus de réir a chéile i ngeilleagar an domhain agus deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus béim á leagan acu ag an am céanna ar an gcaoi ar gá na difríochtaí idir leibhéil forbartha na bPáirtithe agus na gnéithe sonracha eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann le gach geilleagar, agus go háirithe méid na neamhfhoirmiúlachta i ngach stát nó foréigiún, a chur san áireamh sa chaibidlíocht.

2.4. I bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim, mar atá na deacrachtaí a bhí le sárú ag na córais sláinte, na hiarmhairtí díobhálacha ar an ngeilleagar, an méadú ar na neamhionannais shóisialta agus ar an mbochtaineacht, fadhbanna struchtúracha maidir le rochtain a fháil ar chógais agus ar vacsaíní nó lena dtáirgeadh, éifeachtacht na n-uirlisí digiteacha, bagairtí ar chearta an duine agus ar an daonlathas, agus an spleáchas ollmhór eacnamaíoch, *inter alia*, tá CESE den tuairim gur cuireadh chun suntais an gá atá le hathmhachnamh a dhéanamh ar struchtúr an chomhair um fhorbairt. Ba cheart an méid sin a chur san áireamh i gcur chun feidhme agus athdhearadh straitéisí AE-ESACC.

## 3. **Barúlacha sonracha maidir le Comhaontú iar-Cotonou**

3.1. Agus é 15 bliana ar an bhfód, rinneadh measúnú ar Chomhaontú Cotonou in 2015 agus sainaithníodh na buanna agus na laigí a ghabhann leis.

3.2. Bhíothas ag súil leis go rachadh Comhaontú Cotonou in éag i mí Feabhra 2020. Mar sin féin, de dheasca a íogaire a bhí roinnt de na hábhair a pléadh agus de dheasca na paindéime, ní rabhthas in ann an Comhaontú a athnuachan ar an dáta a bhí socraithe agus b'éigean fanacht go dtí mí Aibreáin 2021 nó gur chuir an tAontas agus ESACC a n-inisealacha le téacs an chomhaontaithe comhpháirtíochta athnuaite, ar a dtugtar "Comhaontú iar-Cotonou", de ghnáth.

3.3. D'fhonn éagsúlacht na dtíortha sínitheacha a chur san áireamh agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go leithleach é i gcás na réigiún uile lena mbaineann, áirítear sa Chomhaontú nua bunsraith choiteann agus tá trí phrótacal réigiúnacha cheangailteacha ag gabháil leis (don Afraic, do Mhuir Chairib agus don Aigéan Ciúin). Toisc a chasta atá an struchtúr seo, ní mór do Choiste Leantach AE-ACC a bheith níos réamhghníomhaí amach anseo.

3.4. Léiríonn na tosaíochtaí sa Chomhaontú nua gealltanas na bPáirtithe SDGanna na Náisiún Aontaithe a bhaint amach agus freagraíonn siad do shé réimse faoi leith: (i) cearta an duine, daonlathas agus rialachas; (ii) síocháin agus slándáil; (iii) forbairt dhaonna (lena n-áirítear sláinte, oideachas, sláintíocht, slándáil bia, comhtháthú sóisialta, cultúr agus comhionannas inscne, chomh maith le gealltanais maidir le comhar um fhorbairt); (iv) fás eacnamaíoch agus forbairt chuimsitheach inbhuanaithe (lena n-áirítear cur chuige bunaithe ar CCEnna); (v) inbhuanaitheacht comhshaoil agus an t-athrú aeráide; (vi) imirce agus soghluaisteacht. Tá na tosaíochtaí sin ríthábhachtach do na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus do na comhpháirtithe sóisialta.

3.5. Ba cheart a chur leis na tosaíochtaí sin an gá atá ann dul i ngleic le héifeachtaí phaindéim COVID-19 san Aontas agus i dtíortha ACC, ó thaobh cur i gcoinne an bhaoil go mbainfear an bonn den daonlathas agus ó thaobh an téarnaimh eacnamaíoch agus shóisialta, ar an ábhar gur lú an dóchas atá ann go dtarlóidh an téarnamh sin i Stáit ACC agus i ngeall ar an méadú ar bhochtaineacht agus ar neamhionannas a tharlóidh mar thoradh air sin.

---

([1]) Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Comhpháirtíocht athnuaite le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, 1016, lgh. 7-8.

3.6. Thar aon ní eile, cuireann CESE i bhfios go bhfuil saincheist an bhonneagair chriticiúil i dtíortha ACC fós chomh tábhachtach agus a bhí riamh, rud a léirigh an phaindéim dúinn. Tá dlúthbhaint ag an bhforbairt inbhuanaithe le bonneagar athléimneach a spreagann gníomhaíocht eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta, agus a thacaíonn leo, agus tá ról cinntitheach aici ó thaobh na SDGanna i gClár Oibre 2030 agus i gClár Oibre na hAfraice 2063 a bhaint amach. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur coinníoll riachtanach i gcónaí é an comhar um fhorbairt maidir le cur chun feidhme, cé nach leor é, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tuilleadh airde a thabhairt air i dtíortha ACC.

3.7. I ndáil leis sin, leagann CESE béim go háirithe ar a thábhachtaí atá bonneagar criticiúil sláinte. Tá sé ríthábhachtach gurb ann do sheirbhís sláinte uilíoch i Stáit ACC atá sorochtana agus saor in aisce den chuid is mó ar mhaithe le folláine an phobail agus leis an bhforbairt inbhuanaithe. Go háirithe, ach rochtain mhear a bheith acu ar vacsaíní (paitinní agus acmhainn theicniúil don táirgeacht áitiúil), fágfaidh sin teacht aniar i sochaithe ACC i gcás aon phaindéimí a d'fhéadfadh teacht a fhad leo amach anseo. Tugann CESE dá aire nach gcuirtear an t-ábhar tábhachtach sin san áireamh sa Chomhaontú nua agus iarrann sé ar an Aontas Eorpach agus ar ESACC é a chur sa mheá agus an comhaontú á chur chun feidhme.

3.8. Measann CESE go bhfágann an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair san Eoraip agus ar an leibhéal domhanda, go háirithe iarmhairtí an chogaidh san Úcráin (lena n-áirítear slándáil bia, praghsanna fuinnimh agus bagairtí ar an daonlathas), nach foláir iarmhairtí na staide sin ar an gcomhar um fhorbairt go ginearálta agus ar na CCEnna go háirithe a chur san áireamh sa Chomhaontú nua. Tá aird á tarraingt ag CESE ar an mbaol go rachaidh gníomhairí éagsúla in iomaidh le chéile murab ionann agus riamh chun tionchar a bheith acu ar stáit ACC mar gheall ar an staid mar atá faoi láthair agus tá sé ag iarraidh ar an Aontas Eorpach cur lena chumas comhar a dhéanamh leis na tíortha sin, go háirithe i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúir.

3.9. Maidir le sásraí foirmiúla um rannpháirtíocht, faisnéis, éisteacht agus comhairliúchán struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta ("sásraí institiúideacha"), is díol mór sásaimh do CESE na ráitis seo a leanas sa Chomhaontú: ar an gcéad dul síos, bunóidh na Páirtithe sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha le geallsealbhóirí ([2]); déanfaidh na Páirtithe sásraí a bhunú le haghaidh comhairliúcháin ([3]); déanfaidh na Páirtithe sásraí comhairliúcháin agus idirphlé a bhunú agus a fhorbairt ([4]), nó ar deireadh thiar, déanfaidh na Páirtithe foráil maidir le sásraí comhairliúcháin agus sásraí idirphlé ([5]).

## 4. Barúlacha sonracha maidir leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCEnna) idir an tAontas Eorpach agus tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin

4.1. Tháinig seacht gcomhaontú réigiúnacha i bhfeidhm de dhroim na gcaibidlíochtaí a rinneadh ar naoi CCE éagsúla, agus tugadh na comhaontuithe sin i gcrích le 32 as 79 dtír ACC (14 díobh i Muir Chairib, 14 dtír san Afraic agus ceithre thír san Aigéan Ciúin). Tá cúig cinn de na seacht gcomhaontú sin á gcur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, toisc nár dhaingnigh Ballstáit uile an Aontais iad go fóill. Níl an dá cheann eile, a tugadh i gcrích leis an Afraic Thiar agus an Afraic Thoir, á gcur i bhfeidhm go sealadach fós de bharr moill a bheith ar thíortha san Afraic iad a shíniú agus a dhaingniú. Tá 21 stát eile tar éis caibidlíocht maidir le CCEnna atá fós le cur chun feidhme a thabhairt chun críche.

4.2. Cuireann CESE in iúl go bhfuil idir dheiseanna agus rioscaí ag roinnt le CCEnna. Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíocht chomhionann a áirithiú, lena gcuirfear fás eacnamaíoch ar fáil ach lena n-áiritheofar folláine agus ceartas sóisialta anuas air sin. Tá géarghá le gníomhaíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta / na gcomhpháirtithe sóisialta chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

4.3. Mar sin féin, tá na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta san Aontas Eorpach agus sna stáit chomhpháirtíochta tar éis na CCEnna a cháineadh.

4.4. Baineann an cáineadh sin le dearadh na CCEnna agus leis an gcaoi a bhféadfaidís teorainn a chur leis an bhfás táirgiúil i dtíortha ACC, cé go ndearnadh foráil maidir le tionscail náisiúnta, amhail tionscail agraibhia, i measc tionscal eile, a chosaint. Buntáiste a bhaineann leis na CCEnna is ea an tsaorthrádáil a éascaíonn siad idir an tAontas agus ESACC, ach i roinnt cásanna bíonn sé de dhrochthionchar aici an t-ioncam custaim a laghdú, go háirithe cánacha ar thrádáil sheachtrach a laghdú. Ina theannta sin, féadann sí an bonn a bhaint de mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nó de chomharchumainn, arb iad is bunús don gheilleagar teaghlaigh, i ngeall ar na difríochtaí idir leibhéil eacnamaíocha an Aontais Eorpach agus Stáit ACC, rud a chuir roinnt eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta in iúl go láidir.

([2]) Bunsraith choiteann an Chomhaontaithe, Airteagal 95.
([3]) Prótacal Réigiúnach don Afraic, Airteagal 5.
([4]) Prótacal Réigiúnach do Mhuir Chairib, Airteagal 7.
([5]) Prótacal Réigiúnach don Aigéan Ciúin, Airteagal 7.

4.5. Cuirtear ról na sochaí sibhialta san áireamh sna CCEnna ar bhealaí éagsúla. Is iomaí foirm a shamhlaítear leis agus fágann sé leibhéil éagsúla tionchair ag eagraíochtaí sochaí sibhialta agus iad ag plé agus ag monatóireacht na gcomhaontuithe sin. Mar shampla, bunaíodh Coinbhinsiún Sochaí Sibhialta an Chósta Eabhair mar thoradh ar CCE leis an gCósta Eabhair, faoinar bunaíodh tionscadal [6] chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an CCE sin ar an ngeilleagar teaghlaigh. Ina theannta sin, toisc go ndíríonn na cruinnithe inmheánacha ar "fhorbairt inbhuanaithe", fágann sin tionchar teoranta ag an tsochaí shibhialta ar ábhair eile.

4.6. Déantar foráil i roinnt CCEnna do chomhlachtaí breise amhail Comhchoiste Parlaiminteach, faoi mar is fíor i gcás Cariforum agus CCE na hAfraice Thiar.

4.7. Ós rud é go luaitear go sainráite sna CCEnna go gcuirtear iad san áireamh i dtosaíochtaí Chomhaontú Cotonou, tugann an Comhaontú nua deis do na páirtithe sínitheacha rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta a chothú ar bhealach níos leithne, níos comhchuibhithe agus níos institiúidithe agus ba cheart leas iomlán a bhaint as sin. Is amhlaidh sin go háirithe toisc go ndearnadh dul chun cinn go mall sa réimse sin, rud is léir ón measúnú a rinne an tAontas ar a chur chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2021. Is é an bealach is éifeachtaí chun na sásraí institiúideacha dá bhforáiltear sna CCEnna a chur i bhfeidhm ná go ndéanfaidh institiúidí poiblí na heagraíochtaí sochaí sibhialta / na comhpháirtithe sóisialta a chur ar an eolas faoin bpróiseas ar bhealach tráthúil mionsonraithe agus cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh ar bhealach struchtúrtha agus ligean dóibh tabhairt faoi staidéir agus tograí réasúnaithe.

## 5. **Barúlacha sonracha maidir le coincheap na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta, lena n-ionadaíochas, lena ngníomhaíocht agus lena sásraí institiúideacha**

5.1. Cuireann CESE roimhe feidhmiú mar "Teach na Sochaí Sibhialta Eorpaí". Comhlacht comhairleach de chuid an Aontais Eorpaigh is ea CESE a bunaíodh faoi Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tá sé comhdhéanta de 329 gcomhalta a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí (Grúpa I), oibrithe (Grúpa II) agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (Grúpa III). Is é an sásra institiúideach Eorpach é trína gcuireann na grúpaí sainleasa sin a dtuairimí in iúl maidir le saincheisteanna reatha an Aontais mar chuid d'idirphlé struchtúrtha.

5.2. Tugann CESE dá aire go n-áirítear ar na heagraíochtaí sochaí sibhialta comhlachais a bhfuil raon leathan cuspóirí acu. Déanann siad ionadaíocht ar chomhaltaí atá cláraithe agus a imríonn ról sa tsochaí, lena n-áirítear an méid seo a leanas: gníomhaíocht a dhéanamh chun folláine daoine a chur chun cinn, gníomhaíocht a dhéanamh chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis an eisiamh, cearta agus leasanna sóisialta, eacnamaíocha, cultúir agus gairmiúla an phobail agus/nó grúpaí saoránach a chosaint, an comhshaol a chosaint agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, an fód a sheasamh ar son chearta an duine, sceithireacht (faireachas), rabhadh a thabhairt agus brú a chur ar chomhlachtaí stáit, chun leasanna a gcomhaltaí a chosaint agus seasamh lena luachanna sochaíocha.

5.3. Is iad réaltachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla na sochaí, a bhfuil raon leathan agus éagsúil eagraíochtaí ag feidhmiú inti, a chinneann cineál na n-eagraíochtaí sin. Dá réir sin, níor cheart dúinn a mheas gurb iad an príomhghníomhaí iad i gcur chun cinn na forbartha inbhuanaithe in ainneoin an róil thábhachtaigh fhiúntaigh atá acu.

5.4. Cuireann CESE i bhfios go láidir, i bhfianaise na réaltachta ilghnéithí sin, nach mór aird chuí a thabhairt ar an ardleibhéal neamhfhoirmiúlachta eacnamaíche agus sóisialta atá i réim i gcoitinne i stáit ACC agus ar saintréithe nach beag iad den chaidreamh sóisialta agus institiúideach iontu agus a chinneann an caidreamh sin. Sa chomhthéacs sin, is iondúil go mbíonn deacrachtaí móra ag eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta agus iad ag iarraidh institiúidí, tacaíocht eacnamaíoch agus gníomhaíochtaí foirmiúla a bhunú, a eagrú agus a fheidhmiú. Ba cheart tacaíocht airgeadais eisceachtúil a chur ar fáil do na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta sin. Mura ndéanfar amhlaidh, ní bheidh siad in ann rannchuidiú, trína gcuid rannpháirtíochta agus gníomhaíochta, leis an bhforbairt inbhuanaithe, le feidhmiú na saoránachta ná le hathléimneacht dhaonlathach a dtíre.

5.5. Braitheann na gníomhaíochtaí a dhéanann eagraíochtaí sochaí sibhialta ar an ról sóisialta is mian leo a bheith acu (cibé acu claonadh sibhialta nó polaitiúil a bheidh ann), ar a méid, ar an tábhacht shóisialta a shamhlaíonn a gcomhaltaí agus a sochaí leo, ar an gceannaireacht a bhaineann siad amach, ar an maoiniú a theastaíonn uathu le haghaidh a gcuspóirí agus, i ndáil leis sin, ar aon srianta a chuireann a ndeontóirí airgeadais orthu.

---

(6) Tacaíocht maidir le hacmhainn oibríochtúil eagraíochtaí sochaí sibhialta an Chósta Eabhair a neartú, d'fhonn tacú le faireachán na saoránach ar an gcomhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche eatramhach leis an gCósta Eabhair.

5.6. Fágann laigí na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta i gcoitinne go mbíonn orthu dul san iomaíocht chun maoiniú a fháil, uaireanta ní eatarthu féin amháin é ach le comhlachtaí poiblí freisin. Fágann na laigí sin gur deacra dóibh a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích agus a bheith rannpháirteach i sásraí institiúideacha náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. Ar a mhuin sin, féadfaidh siad spleáchais ar a lucht tacaíochta airgeadais agus/nó ar a n-údaráis stáit a chruthú.

5.7. Meastar gur eagraíochtaí sochaí sibhialta iad na ceardchumainn agus na comhlachais ghnó, dá ngairtear comhpháirtithe sóisialta ar iad a thógáil le chéile, ach ós rud é go bhfuil a nádúr uathúil, tá a bhféiniúlacht uathúil féin acu freisin atá éagsúil le féiniúlacht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta. Déanann na comhpháirtithe sóisialta ionadaíocht thar ceann a gcomhaltaí, go háirithe comhaltaí eacnamaíocha, agus déanann siad a leasanna siúd a chosaint, os comhair comhlachtaí stáit, trí chomhairliúchán sonrach agus sásraí cómhargála, nó trí idirghníomhú le chéile, go háirithe le linn caibidlíochta agus cómhargála. Tá struchtúr comhsheasmhach ag na comhpháirtithe sóisialta, is féidir leo léiriú soiléir a thabhairt ar leasanna a gcomhaltaí, tá fad saoil acu, ar ndóigh, agus *acquis* stairiúil aitheanta, tá réimse gníomhaíochta agus idirghníomhaíochta acu atá bunaithe agus dea-shainithe, agus go ginearálta, tá sé de chumas iontu féinmhaoiniú a dhéanamh.

## 6. **Barúlacha sonracha maidir le Comhaontú iar-Cotonou agus leis an tsochaí shibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta**

### 6.1. *An tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta i gComhaontú iar-Cotonou*

6.1.1. Sa dúshraith choiteann den Chomhaontú nua, agus i ngach ceann de na trí phrótacal réigiúnacha a ghabhann leis, bronntar ról gníomhach ar an tsochaí shibhialta. Ní chuirtear an ról sin ar bhonn foirmiúil, áfach, ós rud é go bhfágann an Comhaontú nua faoi na Páirtithe sínitheacha (AE-ESACC) é an creat institiúideach le haghaidh rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a shainiú, lena n-áirítear sásraí institiúideacha a bhunú. Leis sin, ardaítear an cheist mhórthábhachtach maidir le conas a chinntiú go mbeidh na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ar an leibhéal náisiúnta agus trasnáisiúnta araon.

6.1.2. Trí na príomhshocruithe eagraíochtúla a chur san áireamh, amhail a mbunreacht dlíthiúil, a n-ionadaíochas, roghnú a n-ionadaithe, agus íoscheanglais maidir le minicíocht na gcruinnithe, cruthófar dinimic a chuirfidh le ról na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta, óir is iad sin geallsealbhóirí an phróisis seo.

6.1.3. Tá ról sonrach ag na geallsealbhóirí sin i ngeall ar a leasanna féin, agus níor cheart é a mheascadh leis an ról atá ag páirtithe polaitiúla sa tsochaí. Ba cheart rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí sonracha agus ba cheart níos mó a bheith i gceist léi ná plé ginearálta. A bhuí lena gcuid staidéar, tuairimí agus tograí, a chuirfidh siad faoi bhráid na n-institiúidí, cuirfidh siad bonn eolais faoi dhíospóireachtaí agus faoi chinntí. Is é an bealach is fearr a chuirfidh ar a gcumas do na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta rannchuidiú le rialtas oscailte ná trí shásraí institiúideacha a bhunú lena dtabharfar páirt ghníomhach do gheallsealbhóirí sa phróiseas, a bheidh féinbhainistithe agus a bheidh bunaithe ar rialacha nós imeachta seanbhunaithe, lena n-éascófar scaipeadh faisnéise agus idirghníomhaíochtaí le chéile trí chomhairliúchán agus trí idirphlé struchtúrtha ([7]).

6.1.4. Baineann tábhacht nach beag le ceist an mhaoinithe. D'uireasa cistiú leordhóthanach, roghnaíoch agus trédhearcach, ní ráthófar rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta / na gcomhpháirtithe sóisialta, bíodh sin ag na cruinnithe nó, thar aon rud eile, san obair thaighde fheidhmigh roimh ré, arb é atá i gceist léi bailiú sonraí agus dréachtú staidéar agus tuairimí.

### 6.2. *An staid mar atá faoi láthair san Aontas Eorpach agus i stáit ACC ó thaobh na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta de*

#### 6.2.1. An Eoraip

Ó thaobh na hEorpa de, tá na mílte comhlachas, eagraíochtaí, cónaidhmeanna, comhcheangal, ardán agus fóram ann ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Is ó eagraíochtaí sochaí sibhialta, ón earnáil ghnó (fiontair phríobháideacha, micrifhiontair agus fiontair bheaga, idir phoiblí agus shóisialta) agus ó earnáil na gceardchumann a thagann siad, agus tá roinnt ailínithe eagrúcháin eatarthu.

#### 6.2.2. An Afraic, Muir Chairib agus an tAigéan Ciúin (ACC)

6.2.2.1. A fhad a bhaineann le Stáit ACC, tá réimse leathan de struchtúir éagsúla iontu i gcás eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta, i ngeall ar staid eacnamaíoch, shóisialta, pholaitiúil agus stairiúil gach réigiúin, fo-réigiún agus stáit agus, i gcásanna áirithe, bíonn easpa idirghníomhaíochta eatarthu i ngeall air sin. Is iomaí sampla den dea-chleachtas a fhaightear iontu chomh maith le mórchuid deacrachtaí agus easnamh.

([7]) Prionsabal arna shainiú ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

6.2.2.2. Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí ag na heagraíochtaí sochaí sibhialta / na comhpháirtithe sóisialta faisnéis ghinearálta nó faisnéis shonrach a fháil faoin gComhaontú nua nó faoi na CCEnna (nuair is ann dóibh), nó ní bhíonn faisnéis ar bith ar fáil ina dtaobh, ní áirím an easpa fóram i gcoitinne le haghaidh rannpháirtíochta agus plé struchtúrtha le hinstitiúidí poiblí.

6.2.2.3. I bhfianaise na réaltachta ilchineálaí seo, ba cheart staidéar a dhéanamh ar an dá ghné ar an láthair, d'fhonn samplaí den dea-chleachtas a scaipeadh, agus iarracht a dhéanamh deacrachtaí agus easnaimh a shárú ag an am céanna chun borradh a chur faoi stádas na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta agus chun a ról a chur chun cinn. A bhuí leis an gcur chuige sin, beifear in ann tacú leis na sásraí institiúideacha atá ann cheana agus cruthú sásraí eile a chur chun cinn.

6.2.3. Coiste Leantach AE-ACC

Faoi láthair, faoi chuimsiú an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus tíortha ACC, tá brath na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta ar Choiste Leantach AE-ACC, ar cuid de CESE é agus ar a bhfuil, ar bhonn paireachta, 12 thoscaire ón Aontas Eorpach / CESE agus 12 thoscaire ó thíortha ACC arna n-ainmniú ag eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta dá gcuid (faoi láthair ochtar ón Afraic, beirt ó Mhuir Chairib agus beirt ón Aigéan Ciúin), arna gceapadh ag an tsochaí shibhialta eagraithe ó gach ceann de na réigiúin agus i gcomhréir leis an gcothromaíocht leasanna.

## 7. Barúlacha sonracha maidir le conas eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn agus tacú leo ina ról mar thiomántóirí don fhorbairt inbhuanaithe

7.1. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach na sásraí institiúideacha atá beartaithe a chur ar bhonn foirmiúil agus cuireann sé in iúl gurb é sin an príomhchuspóir atá aige sa réimse seo.

7.2. Tá CESE á mholadh go tréan, tar éis don Chomhaontú nua a bheith sínithe go críochnaitheach, go ngabhfadh an Coimisiún air féin a mholadh do ESACC agus do na tíortha lena mbaineann go gcruthófaí na dálaí riachtanacha polaitiúla, eagrúcháin agus airgeadais chun na sásraí institiúideacha sin a chur chun feidhme.

7.3. Tá CESE á áiteamh go láidir ar thíortha ACC a bheith chomh tiomanta céanna don phróiseas sin.

7.4. Tugann CESE dá aire go bhforáiltear le struchtúr an Chomhaontaithe nua go mbunófar sásra institiúideach a bheidh nasctha leis an mbunsraith choiteann agus a mbeidh ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó ESACC páirteach ann. Ag an am céanna, ceadaítear leis na prótacail réigiúnacha sásra institiúideach a bhunú i ngach réigiún (san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin) a mbeidh baint ag ionadaithe ón réigiún sin agus ón Aontas Eorpach leis. Dá bhrí sin, is éard a bheidh ann ceithre shásra institiúideacha (córas 1 + 3), lena gcumhdófar an Comhaontú nua ina iomláine.

7.5. Tugann CESE dá aire go bhfuil sásraí institiúideacha, eadhon na coistí comhairleacha, á mbeartú freisin faoi chuimsiú na CCEnna, mar atá i gcás na gcomhaontuithe a tugadh i gcrích le Cariforum, leis an Afraic Thiar agus leis an Afraic Thoir.

7.6. Tá CESE á chur in iúl go háirithe go mbeidh iarracht mhór eagraíochtúil agus líonraithe ag teastáil, mar chóras aonair struchtúrtha, i dtaca leis an tsraith iomlán de shásraí institiúideacha, d'fhonn sineirgí a chruthú, dúbláil iarrachtaí a sheachaint, acmhainní a chur in úsáid agus an leas is fearr is féidir a bhaint astu, go háirithe na hacmhainní airgeadais.

7.7. Tá CESE á mholadh go spreagfadh an Coimisiún toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh i dtíortha ESACC chun tacú le tionscadail na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta, go háirithe iad siúd atá dírithe ar fheasacht a mhúscailt i measc a gcomhaltaí agus a gceannairí, ar oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd agus cur lena n-acmhainneacht, ar chumas teicniúil na n-eagraíochtaí a neartú agus ar dhlús a chur le cruthú sásraí institiúideacha. Tá CESE á mholadh don Choimisiún, agus a mbuanna éagsúla á meas aige, gur cheart tosaíocht a thabhairt d'iarratais eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta ó thíortha ACC ar iarratais eile.

7.8. Tá CESE á mholadh go mbunódh an Coimisiún cláir lena bhféadfaí, agus sásraí institiúideacha á gcur chun feidhme aige, staidéar a dhéanamh ar an staid mar atá ar an láthair. Áirítear leis sin na deiseanna agus na deacrachtaí do na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta maille leis na struchtúir éagsúla atá ann cheana (ardáin, fóraim, etc.). Bheadh sé mar aidhm samplaí den dea-chleachtas (atá ann cheana i gcomhthéacs chaidreamh AE-ESACC) a bhailiú agus a chomhroinnt. Tá CESE á mholadh go mbeadh ról cinntitheach ag eagraíochtaí sochaí sibhialta / comhpháirtithe sóisialta ó thíortha ACC sa staidéar seo, agus gur ról cainníochtúil agus cáilíochtúil araon a bheadh ann.

7.9. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur cheart do Choiste Leantach AE-ACC é féin a neartú ó thaobh eagrúcháin de a bhuí sin le breis acmhainní, comhaltaí agus toscairí i dtreo go mbeidh sé in ann cur leis an bpróiseas sin ar bhealach níos fearr agus a mhisean a chomhlíonadh.

7.10. Tá CESE á mholadh go láidir go ndéanfadh an Coimisiún maoiniú an phróisis sin a chomhtháthú sna hionstraimí airgeadais atá ann i láthair na huaire. Tugann CESE aird ar leith ar an gcaoi a bhfuil cistiú de dhíth ar na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta faoi chomhair a gcuid gníomhaíochtaí, ós rud é nach leor an féinmhaoiniú. Tá CESE á mheabhrú, mar gheall ar an tsainghné gheografach den Chomhaontú nua, go dteastaíonn acmhainní airgeadais le haghaidh fheidhmiú na sásraí institiúideacha agus le haghaidh rannpháirtíocht eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta, acmhainní nach bhfuil faoi réir acu. Fiú amháin agus úsáid á baint as dianteicnící rialaithe bainistíochta agus teicneolaíochtaí digiteacha nua-aimseartha, tá sé thar a bheith tábhachtach tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na heagraíochtaí sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta. Tá CESE ag iarraidh go láidir ar an Aontas Eorpach, ar thíortha ESACC agus ar na Ballstáit cláir shonracha tacaíochta a ghlacadh le haghaidh ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta agus le haghaidh sásraí institiúideacha a fheidhmiú, mar is cuí.

An Bhruiséil, an 13 Iúil 2022.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Christa SCHWENG